

## Nóta Faisnéise maidir le Critéir maidir le Díolúine / Cuimsiú i ndáil le Triail Chaighdeánaithe i mBunscoileanna

Tá fianaise ar chomh maith is atá daltaí ag foghlaim, agus úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin chun feabhas a chur ar na deiseanna foghlama atá ar fáil díobh ina ngnéithe riachtanacha lena chinntiú go ndéanfaidh gach dalta dul chun cinn maith i bhforbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta. Ba cheart tús a chur le sonraí measúnaithe a bhailiú agus a úsáid ag leibhéal an dalta aonair le go mbeidh an múinteoir ábalta an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais foghlaimeoirí aonair agus an dul chun cinn atá á dhéanamh acu a chur in iúl dóibh agus dá dtuismitheoirí. Tá trialacha caighdeánaithe ar cheann de líon uirlisí measúnaithe is féidir a úsáid chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim i mbunscoileanna. Ba cheart cloí leis na treoirlínte atá tugtha sa lámhleabhar do mhúinteoirí i dtaca leis na trialacha caighdeánaithe a thabhairt chun comhsheasmhacht agus bailíocht a chinntiú.

I gcomhréir le hImlitreacha na Roinne, atá ar fáil ag [www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services>Returns/Supporting-Assessment/Standardised-Testing-in-Primary-Schools.html](http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services>Returns/Supporting-Assessment/Standardised-Testing-in-Primary-Schools.html), ceanglaítear ar gach scoil, scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta araon, triail chaighdeánaithe a dhéanamh agus torthaí na dtrialacha sin arna ndéanamh go neamhspleách ag daltaí aonair i rang a dó, rang a ceithre agus rang a sé a chur isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ceanglaítear ar scoileanna torthaí comhiomlána na dtrialacha caighdeánaithe arna ndéanamh go neamhspleách ag daltaí aonair i rang a dó, rang a ceithre agus rang a sé a uaslódáil ar thairseach *Esinet* <https://www.esinet.ie/portal/login.init.action>

Moltar é seo a leanas i roinn 6.4 den **Imlitir 0056/2011** [http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0056\\_2011.pdf](http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0056_2011.pdf): *‘D’fhéadfaí daltaí a fhágáil amuigh as an triail chaighdeánaithe má cheapann príomhoide na scoile go bhfuil siad faoi mhíchumas foghlama nó coirp, rud a chuirfeadh cosc orthu ó iarraidh a thabhairt na trialacha a dhéanamh nó, i gcás daltaí imirceacha, i gcás go mbeidh sé mícheart iarraidh a thabhairt an triail a dhéanamh mar gheall ar an leibhéal Béarla a theastaíonn.’* Aithnítear leis sin go bhféadfadh sé nach mbeadh sé ar mhaithe le páistí áirithe triail chaighdeánaithe a dhéanamh. Bunaithe ar a n-eolas ar riachtanais agus ar chumais na ndaltaí, is féidir le príomhoide cinneadh a dhéanamh gan na trialacha caighdeánaithe a thabhairt do dhaltaí aonair (i.e. na daltaí sin a dhíolmhú ó thriail chaighdeánaithe). Is faoi phríomhoide na scoile atá an rogha páiste a dhíolmhú ó thriail chaighdeánaithe bunaithe ar fhorais oideachais. Ba cheart díolúintí a bhreithniú de réir an cháis agus gan iad a thabhairt ach i gcásanna eisceachtúla. Níor cheart díolúintí a úsáid le haghaidh eisiamh iomlán grúpa daltaí ar bith, mar shampla, daltaí ó lucht Taistealaithe nó daltaí imirceacha.

Ba cheart daltaí a meastar nach bhfuil siad ábalta triail chaighdeánaithe a dhéanamh a **chuimsiú sna** sonraí um measúnú caighdeánach a chuirfear ar ais chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna mar a bheith **“díolmhaithe”**.

Sa tábla seo a leanas, a sholáthair an Lárionad Oideachais agus Taighde, tugtar treoir maidir leis na daltaí sin a d’fhéadfaí nó nach bhféadfaí iad a dhíolmhú ón triail chaighdeánaithe.

**Tábla 1: Triail Chaighdeánaithe: Critéir maidir le Díolmhú/Cuimsiú**

Cineál SEN	Daltaí a d’fhéadfadh a bheith <b>díolmhaithe</b>	Daltaí ba cheart a <b>chuimsiú</b>
Míchumas feidhmiúil	Tá an dalta faoi mhíchumas coirp meánach go trom a mhéid is nach féidir leis/léi páirt a ghlacadh i gcás na tástála.	Is féidir leis an dalta freagairt ar an tástáil.

**Tábla 1 (ar lean)**

Cineál SEN	Daltaí a d'fhéadfadh a bheith <b>díolmhaithe</b>	Daltaí ba cheart a <b>chuimsiú</b>
Míchumas foghlama ginearálta meánach/trom, míchumas iompraíochta nó mothúchánach	Tá an dalta faoi mhíchumas foghlama ginearálta meánach/trom, míchumas iompraíochta nó mothúchánach, a mhéid, dar le príomhoide na scoile nó ball foirne cáilithe eile, is nach féidir leis/léi páirt a ghlacadh i gcás na trialach. Áirítear leis sin daltaí nach féidir leo fiú teoracha ginearálta na tástála a leanúint ón taobh cognaíoch, iompraíochta, nó mothúchánach de.	Is féidir leis an dalta freagairt ar an triail. <b>NÍOR</b> cheart é/í a fhágáil amuigh mar gheall ar fheidhmíocht acadúil lag nó fadhbanna smachta amháin.
Taithí teanga measúnaithe neamhimleor	Comhlíonann na daltaí GACH ceann de na trí chritéar seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ní cainteoir dúchasach Béarla é/í;</li> <li>• Tá oilteacht teoranta sa Bhéarla aige/aici; agus</li> <li>• Tá níos lú ná bliain amháin teagaisc faighte aige/aici sa Bhéarla.</li> </ul>	Comhlíonann an dalta níos lú ná trí cinn de na critéir.
Dalta faoi mhíchumas foghlama faoi leith (e.g., deacrachtaí disléicseacha troma)	Meastar go bhfuil, i dtuairim ghairmiúil phríomhoide na scoile nó baill foirne cháilithe eile, deacrachtaí disléicseacha troma ag an dalta nó gur sainaitníodh go bhfuil deacrachtaí dá leithéid aige/aici i ndiaidh measúnú síceolaíoch cuí.	Tá deacrachtaí disléicseacha/léitheoireachta éadroma ag an dalta.

Baineann an méid seo a leanas le dea-chleachtas measúnaithe ar an leibhéal scoile:

- Clár scoile a choimeád le haghaidh triail chaighdeánaithe
- Daltaí a díolmhaíodh ón triail chaighdeánaithe agus na cúiseanna leis sin a thaifead go soiléir sa chlár seo ó bhliain go bliain
- Ba cheart trialacha caighdeánaithe, má úsáidtear iad roimh dheireadh an chéad ranga, a thabhairt i ngrúpaí beaga amháin. Tá sé mí-oiriúnach triail chaighdeánaithe a thabhairt do ranganna iomlána ar leibhéal an ranga naíonán. Féach [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie) chun tuilleadh eolais a fháil.
- Beartas na scoile uile a sholáthar ina ndéantar foráil i leith triail scoilbhunaithe chun dul chun cinn daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a shainaitint agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthacháil litearthachta agus uimhearthachta daltaí faoi mhíchumas foghlama meánach uair amháin sa bhliain, nó go deimhin dhá uair sa bhliain ar a laghad, ag baint úsáid as ábhair tástála iomchuí atá oiriúnach dá leibhéal chumais. **Ní chuirfear** torthaí na dtástála sin **ar aghaidh** chuig an Roinn ach bainfear úsáid astu chun **bonn eolais a chur faoi chleachtas agus faoi phleanáil múinteoirí**.

Ar deireadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh cuid de na daltaí faoi mhíchumas foghlama nó coirp ábalta an triail chaighdeánach a dhéanamh. Cé go bhfuil an modh seo cur chun feidhme leagtha amach go soiléir i dtreoracha na trialach, d'fhéadfaí roinnt **comhréiteach réasúnta** a dhéanamh ar an leibhéal scoile chun éascaíocht a dhéanamh do dhaltáí aonair agus triail á déanamh acu, má mheasann an príomhoide go bhfuil sé sin ar mhaithe leis an bpáiste. D'fhéadfadh siad seo a leanas a bheith i gceist leo sin:

- Cúnamh léitheoireachta a chur ar fáil i gcás triail chaighdeánaithe Matamaitice<sup>i</sup>
- An triail a dhéanamh i dtimpeallacht chiúin lasmuigh den seomra ranga
- Úsáid a bhaint as stopuaireadóir nó amadóir ar fhón póca chun sosanna gluaiseachta a thabhairt le linn na trialach.

**Níor cheart** torthaí a thiocthadh as socruithe trialach mionathruithe **a chur isteach chuig an Roinn**. Ba cheart a mheas go bhfuil na daltaí sin díolmhaithe. Níor cheart ach torthaí trialach **bunaithe ar chloí go docht leis an lámhleabhar ábhartha um riarachán trialacha** a chur isteach chuig an Roinn.

---

<sup>i</sup> Nótaí Lámhleabhar SIGMA-T nach bhfuil SIGMA-T oiriúnach do pháistí a bhfuil deacrachtaí acu le dathanna a aithint.